

Roinnt seachtaine ó sin, bhí mé ag caint libh faoin bhforéigean; go mbíonn muid ag trádáil/páirteach sa bhforéigean (agus ag tabhairt cúnamh dó) nuair a bhreathnaíonn muid air, fiú ó i bhfad. D'fhág sé sin muid le ceist – an rud atá muid chun a dhéanamh an tseachtain seo anois (an tSeachtain Mhór), ag ceiliúradh Pháis ár dTiarna ar an gcrois ar Chalvaire (agus i ngach Aifreann, is dóigh, agus i bhféile na páise in Oberammergau, abair) – an mbíonn Críostaithe páirteach sa bhforéigean ag dul isteach i mbás Críost go díograiseach mar a dhéanfaidh muid an tseachtain seo. Caithfidh nach é sin a bhíonn ar siúl, ach cén chaoi a mhíníonn muid é sin do dhaoine eile.

Glacann muid páirt i ndrámá na Cásca. Ní bhreathnaíonn isteach ar an drámá go simplí mar lucht féachana san amharclann. Fiú an slua i Iarúsailéim a ghlaigh amach ‘Céas é! Céas é!’, dar leis an Soiscéal, ghlac siad páirt hiomlán ar a thit amach.

Muide ag glacadh páirt iomlán in imeachtaí na Seachtaine Móire, ní hé go mbíonn muid ag glaoch amach leis an slua, ná go mbeidh muid in ann an slua, Píoláit, na saighdiúirí a chasadh. Tuigeann muide go gcaithfidh sé tarlú ionas go bhféadfaidh le hÍosa an obair (go bhféadfadh sé féin amháin a dhéanamh) a thabhairt chun críche.

Trí muid féin a chaitheamh isteach sa ndrámá, gabhann muid buíochas; is toil linn go saorfaidh sé muid. Seasann muid le hÍosa, mar a sheas Muire leis, agus Eoin, Veronica agus mná Iarúsailéim a chaoi é ar an turas, le go mbeidh muid páirteach sa duais a bhuaigh sé dúinn.

Má seasann muid siar ó imeachtaí na seachtaine seo, muna chaitheann muid féin isteach iontu go dícheallach, cé go raibh Crois Chríost dorcha, gránna, foréigneach, ní bheidh ionainn ach breathnóirí ón taobh amuigh.

Féile na Páise in Oberammergau, mar shampla, agus deasghnátha na Seachtaine Móire, agus turas na croise chomh maith, cé gur drámá a bhíonn iontu, bíonn siad rialaithe ionas go mbíonn muid in ann a bheith páirteach gan dul thar fóir. Ní gá go gcuirtear duine chun báis le go mbeadh muid páirteach san eachtra is tábhachtaí inár gcreideamh. Déanann an drámaíocht é sin dúinn. Tugann muid liotúirge air. Tugann an liotúirge bealach isteach dúinn, agus tógann sé isteach muid, san rud a d'fhulaingt Íosa ó Nazareth. Bíonn trua againn d'Íosa. Sa troscadh a dhéanann muid, airíonn muid beagán an phian úafásach a d'fhulaing seisean.

Comóradh Pháis ár dTiarna do Chríostaithe, ní scéal é a thuilleadh dúinn ach liotúirge a aontaíonn muid le bás Íosa Críost ionas go mbeidh muid páirteach chomh maith ina Aiséirí.

## **Guí an Phobail**

Ag tús na Seachtaine Móire, guímid:

1. Go raibh an misneach againn an chrois a fhulaingt aontaithe le hÍosa Críost. *A Thiarna, éist linn.*
2. Go dtuga muid seans do shearmanais na seachtaine seo dul i bhfeidhm orainn. *A Thiarna, éist linn.*
3. Go raibh muid oscailte do phianta agus fulaingt daoine eile agus réidh chun teacht i gcabhair orthu. *A Thiarna, éist linn.*
4. Go raibh ár mairbh páirteach in aiséirí Chríost tar éis a bheith aontaithe leis ar thuras an tsaoil seo. *A Thiarna, éist linn.*

A Dhia, thug do Mhac é féin ar an gcrois ar ár son. Seolann muid ár bpaidreacha chugat le dóchas, trí Chríost ár dTiarna. Amen.

## **An Phaidir**

Guímid chun Dé agus muinín againn nach dtréigfidh sé muid.